



Uimhir 1 de 2017

An tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2017
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 1 de 2017

AN tACHT SLÁINTE (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2017
[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal

CUID 2

LEASÚ AR AN ACHT UM BORD LEIGHEASRA NA HÉIREANN, 1995

2. Míniú
3. Leasú ar alt 6 d'Acht 1995
4. Luach saothair agus liúntais i leith caiteachais do chomhaltaí den Údarás Rialála Táirgí Sláinte
5. Leasú ar alt 8 d'Acht 1995

CUID 3

LEASÚ AR AN ACHT FÁN SCÉIM UM THACAÍOCHT TITHE BANALTRAIS, 2009

6. Míniú
7. Leasú ar alt 36 d'Acht 2009
8. Leasú ar Sceideal 1 a ghabhann le hAcht 2009

CUID 4

LEASÚ AR AN ACHT SLÁINTE (EARRAÍ LIACHTA A PHRAGHSÁIL AGUS A SHOLÁTHAR), 2013

9. Leasú ar Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht Sláinte (Earraí Liachta a Phraghsáil agus a Sholáthar), 2013

CUID 5

LEASÚ AR AN ACHT SLÁINTE POIBLÍ (PACÁISTIÚ CAIGHDEÁNATHE TOBAC), 2015

10. Míniú

11. Leasú ar alt 2 d'Acht 2015
12. Leasú ar alt 6 d'Acht 2015
13. Leasú ar alt 7 d'Acht 2015
14. Leasú ar alt 9 d'Acht 2015
15. Leasú ar alt 10 d'Acht 2015
16. Leasú ar alt 13 d'Acht 2015
17. Leasú ar alt 14 d'Acht 2015

[2017.] *An tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha)*, 2017. [Uimh. 1.]

NA HAHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Sláinte (Earraí Liachta a Phraghsáil agus a Sholáthar), 2013, (Uimh. 14)

An tAcht um Bord Leigheasra na hÉireann, 1995, (Uimh. 29)

An tAcht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009, (Uimh. 15)

An tAcht Sláinte Poiblí (Pacáistiú Caighdeánaithe Tobac), 2015, (Uimh. 4)

An tAcht um Shásamh do Mhná a raibh Cónaí Orthu i bhForais Cónaithe Áirithe, 2015, (Uimh. 8)



Uimhir 1 de 2017

AN tACHT SLÁINTE (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2017
[An tiontú oifigiúil]

Acht do leasú an Achta um Bord Leigheasra na hÉireann, 1995, an Achta fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009, an Achta Sláinte (Earraí Liachta a Phraghsáil agus a Sholáthar), 2013, agus an Achta Sláinte Poiblí (Pacáistiú Caighdeánaithe Tobac), 2015; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [16 Feabhra 2015]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal

1. Féadfar an tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2017 a ghairm den Acht seo.

CUID 2

LEASÚ AR AN ACHT UM BORD LEIGHEASRA NA hÉIREANN, 1995

Míniú

2. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 1995” an tAcht um Bord Leigheasra na hÉireann, 1995.

Leasú ar alt 6 d’Acht 1995

3. Leasaítear alt 6 d’Acht 1995 trí fho-alt (5) a scriosadh.

Luach saothair agus liúntais i leith caiteachais do chomhaltaí den Údarás Rialála Táirgí Sláinte

4. Leasaítear Acht 1995 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 7:

“7A. Íocfar le comhalta den Údarás Rialála Táirgí Sláinte, as airgead a bheidh faoina réir ag an Údarás, cibé luach saothair (más ann) agus cibé liúntais i

leith caiteachas a chinnfidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.”.

Leasú ar alt 8 d’Acht 1995

5. Leasaítear alt 8 d’Acht 1995 trí fho-alt (7) a scriosadh.

CUID 3

LEASÚ AR AN ACHT FÁN SCÉIM UM THACAÍOCHT TITHE BANALTRAIS, 2009

Míniú

6. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 2009” an tAcht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009.

Leasú ar alt 36 d’Acht 2009

7. Leasaítear alt 36 d’Acht 2009 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(5A) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críocha mhír (f) den mhíniú ar ‘íocaíocht iomchuí’ (arna leasú le *halt 8 den Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha)*, 2017) i mír 1 de Chuid 3 de Sceideal 1 trí aicme nó aicmí íocaíochta *ex gratia* nó íocaíochtaí *ex gratia* a fhorordú, is íocaíocht nó íocaíochtaí nach dtagann faoi réim mhíreanna (a) go (e) den mhíniú sin, más rud é—

- (a) maidir leis an aicme nó na haicmí íocaíochta *ex gratia* nó íocaíochtaí *ex gratia*, gur íocaíocht í nó gur íocaíochtaí iad a dhéantar faoi scéim nó faoi scéimeanna (cibé tuairisc atá uirthi nó orthu) atá ceadaithe ag an Rialtas, agus
- (b) gur deimhin leis an Aire, tar éis aird a thabhairt ar chineál na híocaíochta nó na n-íocaíochtaí dá dtagraítear i míreanna (a) go (e) den mhíniú sin agus ar na críocha chun a ndéantar íocaíocht nó íocaíochtaí den sórt sin—
 - (i) maidir le cineál na haicme nó na n-aicmí íocaíochta *ex gratia* nó íocaíochtaí *ex gratia*, go bhfuil sé garchosúil le cineál ceann amháin nó níos mó de na híocaíochtaí sin a rinneadh faoi na míreanna sin, agus
 - (ii) maidir leis an gcríoch chun a ndéantar an íocaíocht nó na híocaíochtaí lena mbaineann, go bhfuil sí garchosúil le ceann amháin nó níos mó de na críocha sin.”.

Leasú ar Sceideal 1 a ghabhann le hAcht 2009

8. Leasaítear Cuid 3 de Sceideal 1 a ghabhann le hAcht 2009, i mír 1, tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “íocaíocht iomchuí” (arna chur isteach le *halt 4 den Acht um Shásamh do Mhná a raibh Cónaí Orthu i bhForais Cónaithe Áirithe*, 2015):

“ciallaíonn ‘íocaíocht iomchuí’, i ndáil le duine—

- (a) íocaíocht nó íocaíochtaí a dhéantar leis an duine faoin Scéim, is scéim a rinne an Rialtas i Nollaig 2013 agus atá de thuras na huaire á riaradh ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, lena ndéantar foráil maidir le híocaíochtaí *ex-gratia* le mná a glacadh isteach agus a d'oibrigh i bhforas iomchuí (de réir bhrí an Achta um Shásamh do Mhná a raibh Cónaí Orthu i bhForais Cónaithe Áirithe, 2015), agus folaíonn sé aon sochar a sholáthraítear faoin Scéim sin,
- (b) íocaíocht *ex-gratia* nó íocaíochtaí *ex-gratia* a dhéantar leis an duine faoi théarmaí na Scéime dá ngairtear an Scéim um Shásamh i leith Ospidéal Lourdes, 2007,
- (c) íocaíocht *ex-gratia* nó íocaíochtaí *ex-gratia* a dhéantar leis an duine faoi théarmaí na Scéime a bhunaigh an tAire agus dá ngairtear Scéim Íocaíochta Ospidéal Lourdes,
- (d) íocaíocht nó íocaíochtaí a dhéantar leis an duine faoi théarmaí na Scéime *ex-gratia* Simfiseatóime Máinliachta a bhunaigh an tAire agus dá ngairtear freisin an Scéim um Íocaíocht Simfiseatóime,
- (e) íocaíocht *ex-gratia* nó íocaíochtaí *ex-gratia* a dhéanann an tAire nó *Conterganstiftung für behinderte Menschen* leis an duine i leith míchumas a fuair an duine mar gheall ar Thailidimid, nó
- (f) cibé íocaíocht *ex-gratia* nó íocaíochtaí *ex-gratia* eile a fhorordófar faoi alt 36(5A) (arna chur isteach le *halt 7* den *Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha, 2017)* chun críocha na míre seo;".

CUID 4

LEASÚ AR AN ACHT SLÁINTE (EARRAÍ LIACHTA A PHRAGHSÁIL AGUS A SHOLÁTHAR), 2013

Leasú ar Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht Sláinte (Earraí Liachta a Phraghsáil agus a Sholáthar), 2013

9. Leasaítear Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht Sláinte (Earraí Liachta a Phraghsáil agus a Sholáthar), 2013, i gCuid 1—

(a) i mír 1—

(i) i bhfomhír (d), trí “faoi réir mhír 2,” a chur isteach roimh “ní foláir”, agus

(ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (e):

“(e) ní foláir údarú dá dtagraítear i mír (a) nó (b)(i), (ii), (iii) nó (iv) den mhíniú ar ‘sealbhóir ar údarú’ in alt 2(1) a bheith aige.”,

agus

(b) i mír 2, trí “nó (d)” a chur isteach i ndiaidh “mír 1(b)”.

CUID 5

LEASÚ AR AN ACHT SLÁINTE POIBLÍ (PACÁISTIÚ CAIGHDEÁNATHE TOBAC), 2015

Míniú

10. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 2015” an tAcht Sláinte Poiblí (Pacáistiú Caighdeánaithe Tobac), 2015.

Leasú ar alt 2 d’Acht 2015

11. Leasaítear alt 2(1) d’Acht 2015 trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘marc calabraithe’, i ndáil le pacáistiú miondíola táirgí tobac, marc is gá le haghaidh mhonarú uathoibrithe an phacáistithe sin;

ciallaíonn ‘banda todóige’, i ndáil le todóg, lúb atá déanta as páipéar nó scragall nó as ábhar eile agus a fheistítear d’imlíne na todóige;

ciallaíonn ‘cluaisín athshéalaitheach’, i ndáil le paicéad aonaid tobac lena rolladh nó le paicéad aonaid táirgí tobac eile (seachas toitíní), cluaisín chun an paicéad a athshéalú.”.

Leasú ar alt 6 d’Acht 2015

12. Leasaítear alt 6 d’Acht 2015—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (3), ní bheidh feidhm ag an Acht seo” a chur in ionad “Ní bheidh feidhm ag an Acht seo”, agus
- (b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Ní bheidh feidhm ag foráil shonraithe den Acht seo maidir le táirgí tobac arna monarú nó arna scaoileadh le haghaidh cúrsaíochta roimh dháta thosach feidhme na forála sin, go dtí cothrom an lae bliain amháin tar éis an dáta sin, ar choinníoll go mbeidh na táirgí tobac sin, ar dháta a ndíolta, de réir Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Táirgí Tobac agus Táirgí Gaolmhara a Mhonarú, a Thíolacadh agus a Dhíol), 2016 (I.R. Uimh. 271 de 2016).

(4) I bhfo-alt (3), ciallaíonn ‘foráil shonraithe den Acht seo’ aon cheann de na forálacha seo a leanas den Acht seo:

(a) fo-ailt (1) go (5) agus (7) go (12) d’alt 7;

(b) alt 8;

(c) fo-ailt (1) go (5) agus (7) go (12) d’alt 9;

(d) alt 10;

(e) alt 11;

(f) alt 14.”.

Leasú ar alt 7 d'Acht 2015

13. Leasaítear alt 7 d'Acht 2015—

- (a) i bhfo-alt (1)(c), trí “de réir fho-ailt (3) go (4B)” a chur in ionad “de réir fho-ailt (3) agus (4)”;
 - (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):
 - “(3) Faoi réir fho-ailt (4), (4A) agus (4B), féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith clóite ar phaicéad toitíní:
 - (a) ainm branda nó ainm gnó nó ainm cuideachta;
 - (b) ainm athraithigh le haghaidh na dtoitíní lena mbaineann;
 - (c) téacs lena luaitear líon na dtoitíní atá sa phaicéad;
 - (d) an téacs ‘toitíní’;
 - (e) téacs lena léirítear sonraí teagmhála an mhonaróra;
 - (f) marc calabraithe.”;
 - (c) i bhfo-alt (4), trí “i mír (a) nó (b) d’fho-alt (3)” a chur in ionad “i bhfo-alt (3)”;
 - (d) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):
 - “(4A) Déanfar an téacs dá dtagraítear i míreanna (c), (d) agus (e) d’fho-alt (3) a chlóbhualadh de réir rialacháin faoi fho-alt (10) agus féadfaidh sé a bheith i gcló aon uair amháin ar an bpaicéad toitíní.
 - (4B) Maidir leis an marc calabraithe dá dtagraítear i mír (f) d’fho-alt (3)—
 - (a) ní bheidh sé le feiceáil nó, más infheicthe, beidh sé chomh neamhfheiceálach agus is indéanta ar mhodh atá ar comhréir le feidhm an mhairc le linn uathmhonarú an phaiceid toitíní, agus
 - (b) ní dhéanfaidh sé (lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha ar bith) aon fhaisnéis a thabhairt do thomhaltóir na dtoitíní atá sa phaicéad.”;
- agus
- (e) i bhfo-alt (10), trí “nó téacs” a chur isteach i ndiaidh “ainm”, sa dá áit a bhfuil sé.

Leasú ar alt 9 d'Acht 2015

14. Leasaítear alt 9 d'Acht 2015—

- (a) i bhfo-alt (1)—
 - (i) i mír (c), trí “de réir fho-ailt (3) go (4B)” a chur in ionad “de réir fho-ailt (3) agus (4)”, agus
 - (ii) i mír (f), trí “faoi réir fho-alt (4C),” a chur isteach roimh “ní bheidh ann”;
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

- “(3) Faoi réir fho-ailt (4), (4A) agus (4B), féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith clóite ar phaicéad aonaid tobac lena rolladh:
- (a) ainm branda nó ainm gnó nó ainm cuideachta;
 - (b) ainm athraithigh le haghaidh an tobac lena rolladh lena mbaineann;
 - (c) téacs lena luaitear i ngraim meáchan an tobac atá sa phaicéad;
 - (d) an téacs ‘tobac lena rolladh’;
 - (e) téacs lena léirítear sonraí teagmhála an mhonaróra;
 - (f) marc calabraithe.”,
- (c) i bhfo-alt (4), trí “i mír (a) nó (b) d’fho-alt (3)” a chur in ionad “i bhfo-alt (3)”,
- (d) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):
- “(4A) Déanfar an téacs dá dtagraítear i míreanna (c), (d) agus (e) d’fho-alt (3) a chlóbhualadh de réir rialacháin faoi fho-alt (10) agus féadfaidh sé a bheith i gcló aon uair amháin ar an bpaicéad toitíní.
- (4B) Maidir leis an marc calabraithe dá dtagraítear i mír (f) d’fho-alt (3)—
- (a) ní bheidh sé le feiceáil nó, más infheicthe, beidh sé chomh neamhfheiceálach agus is indéanta ar mhodh atá ar comhréir le feidhm an mhairc le linn uathmhonarú an phaicéid aonaid tobac lena rolladh, agus
 - (b) ní dhéanfaidh sé (lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha ar bith) aon fhaisnéis a thabhairt do thomhaltóir an tobac lena rolladh atá sa phaicéad.
- (4C) Ní bheidh feidhm ag mír (f) d’fho-alt (1) maidir le cluaisín athshéalaitheach, más rud é—
- (a) go bhfuil an cluaisín trédhearcach,
 - (b) nach bhfuil an cluaisín daite ná marcáilte, agus
 - (c) nach bhfuil ar an gcluaisín aon rocáin mhaisiúla, cabhradh nó maisiúcháin eile.”,
- agus
- (e) i bhfo-alt (10), trí “nó téacs” a chur isteach i ndiaidh “ainm”, sa dá áit a bhfuil sé.

Leasú ar alt 10 d’Acht 2015

15. Leasaítear alt 10 d’Acht 2015—

- (a) i bhfo-alt (1)—
 - (i) i mír (c), trí “de réir fho-ailt (3) go (4B)” a chur in ionad “de réir fho-ailt (3) agus (4)”, agus
 - (ii) i mír (f), trí “faoi réir fho-alt (4C),” a chur isteach roimh “ní bheidh ann”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Faoi réir fho-ailt (4), (4A) agus (4B), féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith clóite ar phaicead aonaid táirgí tobac (seachas toitíní agus tobac lena rolladh) lena n-áirítear, i gcás todóige, banda na todóige (más ann):

- (a) ainm branda nó ainm gnó nó ainm cuideachta;
- (b) ainm athraithe le haghaidh an táirge tobac lena mbaineann;
- (c) téacs lena luaitear an líon míreanna den táirge tobac atá sa phaicead nó meáchan an táirge tobac i ngram;
- (d) an téacs ‘todóga’, ‘todóigíní’ nó ‘tobac píopa’, de réir mar is cuí;
- (e) téacs lena léirítear sonraí teagmhála an mhonaróra;
- (f) marc calabraithe.”

(c) i bhfo-alt (4), trí “i mír (a) nó (b) d’fho-alt (3)” a chur in ionad “i bhfo-alt (3)”

(d) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) Déanfar an téacs dá dtagraítear i míreanna (c), (d) agus (e) d’fho-alt (3) a chlóbhualadh de réir rialacháin faoi fho-alt (9) agus féadfaidh sé a bheith i gcló aon uair amháin ar an bpaicead.

(4B) Maidir leis an marc calabraithe dá dtagraítear i mír (f) d’fho-alt (3)—

- (a) ní bheidh sé le feiceáil nó, más infheicthe, beidh sé chomh neamhfheiceálach agus is indéanta ar mhodh atá ar comhréir le feidhm an mhairc le linn uathmhonarú an phaiceid, agus
- (b) ní dhéanfaidh sé (lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha ar bith) aon fhaisnéis a thabhairt do thomhaltóir an táirge tobac atá sa phaicead.

(4C) Ní bheidh feidhm ag mír (f) d’fho-alt (1) maidir le cluaisín athshéalaitheach, más rud é—

- (a) go bhfuil an cluaisín trédhearcach,
- (b) nach bhfuil an cluaisín daite ná marcáilte, agus
- (c) nach bhfuil ar an gcluaisín aon rocáin mhaisiúla, cabhradh nó maisiúcháin eile.”

(e) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (9):

“(9) Féadfaidh an tAire na nithe seo a leanas a fhorordú—

- (a) an modh ar a bhféadfaidh ainm faoi fho-alt (3) a bheith clóite ar phaicead aonaid nó ar aon chineál eile forphacáistithe táirgí tobac seachas toitíní agus tobac lena rolladh, lena n-áirítear dath, cineál clófhoirme, clómhéid, suí agus dealramh aon ainm nó téacs den sórt sin, agus
- (b) gan dochar do ghinearáltacht mhír (a) a mhéid a bhaineann an mhír sin le táirgí tobac is todóga, an modh ar a bhféadfar bandaí todóga a chur

timpeall ar thodóga agus an fhaisnéis is ceadmhach a bheith ar bhandaí todóga den sórt sin.”,

agus

(f) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (10):

“(11) Tá feidhm ag an alt seo maidir le pacáistiú miondíola táirgí tobac (seachas toitíní agus tobac lena rolladh) a bheartaítear a mhiondíol sa Stát.”.

Leasú ar alt 13 d’Acht 2015

16. Leasaítear alt 13(1) d’Acht 2015—

- (a) trí “, nó téacs eile,” a chur isteach i ndiaidh “nó ainm cuideachta”, agus
- (b) trí “, nó marc calabraithe,” a chur isteach i ndiaidh “nó marc aitheantais den tsamhail sin”.

Leasú ar alt 14 d’Acht 2015

17. Leasaítear alt 14 d’Acht 2015—

- (a) trí “, nó marc calabraithe nó cluaisín athshéalaitheach, a bheidh clóite ar fhorphacáistiú táirge tobac nó greamaithe de” a chur in ionad “a bheidh clóite ar fhorphacáistiú táirge tobac”, agus
- (b) i mír (b)(v), trí “faoi réir fho-ailt (1)(f) agus (4C) d’alt 9 agus fho-ailt (1)(f) agus (4C) d’alt 10,” a chur isteach roimh “cluaisíní inbhainte”.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€2.54

